# Airíonna agus athruithe ábhar

## Céard is eolaí taighde cadhnraí ann?

Breathnaíonn eolaithe cadhnraí ar chadhnraí a dhéanamh a fheidhmíonn níos fearr trí ábhair dhifriúla a úsáid. Bíonn sé sin tábhachtach in go leor ionaid oibre, ar nós:

- saotharlanna taighde
- ollscoileanna
- déantúsóirí carranna.

**An Phríomhfhoghlaim** agus **Scileanna Eolaíochta** a theastaíonn:

- Go maith ag obair foirne agus foighneach i rith iniúchadh.
- Tuartha a dhéanamh bunaithe ar a dtuiscint ar leictreachas maidir le cé na hábhair is oiriúnaí lena n-úsáid.



*Seo í Lizzie. Is eolaí taighde cadhnraí í a oibríonn in Ollscoil Birmingham. Baineann a taighde le hábhair nua cadhnraí a dhéanamh le haghaidh cadhnraí ian litiam. Bíonn na cadhnraí sin i bhfóin chliste agus i dtáibléid.*

## Céard is poitigéir fisiceach ann?

Déanann poitigéir fisiceach staidéar ar an gcaoi a n-athraíonn ábhair agus ar an gcaoi a dtarlaíonn imoibrithe ceimiceacha. D'athraigh Ruth Benerito tréithe an chadáis le go mbeadh sé frithfhilltíní, smálfhriotaíoch agus lasairdhíonach. Bíonn a hobair siúd agus obair poitigéirí fisiceacha eile tábhachtach in go leor ionaid oibre, ar nós:

- siopaí éadaí
- ollscoileanna
- saotharlanna taighde.

**An Phríomhfhoghlaim** agus **Scileanna Eolaíochta** a theastaíonn:

- Raon fiosrúcháin phraiticiúla a leagan amach chun fadhbanna a réiteach, agus a bheith athléimneach agus coinneáil leis na fadhbanna fiú nuair a bhíonn siad an-dúshlánach.
- Tátail a bhaint as torthaí chun fadhbanna a réiteach trí phatrúin a chuardach nó trí thástálacha comparáideacha agus cothroma.



*Seo í Ruth Benerito. Cheap sí fabraic chadáis frithfhilltíní. Deirtear gurb í a shábháil tionscal an chadáis.*

## Céard is teicneoir datha ann?

Is cineál gruagaire iad teicneoirí datha a úsáideann eolaíocht agus dearadh agus teicneolaíocht chun ruaimeanna difriúla a chruthú. Úsáidtear na ruaimeanna chun dath a chur ar ghruaig. D'fhéadfaidís oibriú i:

- salónta gruagaireachta
- spánna nó sciamhlanna
- óstáin nó longa crúsála.

**An Phríomhfhoghlaim** agus **Scileanna Eolaíochta** a theastaíonn:

- Cruthaitheacht agus comhoibriú chun ruaimeanna a chruthú a oireann do chineálacha difriúla gruaige.
- Breathnuithe cúramacha ar an gcaoi a n-athraíonn ruaimeanna dath gruaige.




*Seo í Alisha Dobson. Is gruagaire í i Londain a dhíríonn ar dhath a chur ar ghruaig. Chuir sí dath ar ghruaig ceiliúráin éagsúla, ina measc Jessie J, Motsi Mabuse agus M.I.A.*

*Ar mhaith leat do chuid foghlama faoi airíonna agus athruithe ábhar a úsáid nuair a bheidh tú níos sine? An bhfuil poist eile ann ina n-úsáidtear foghlaim faoi airíonna agus athruithe ábhar?*

Airíonna agus athruithe ábhar Comhad fíricí

ROYAL SOCIETY OF CHEMISTRY